# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDUITHE AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2008**

**CLÓSCRÍOBH - ARDLEIBHÉAL**
**(100 MARC)**

**DÉ hAOINE, 30 Bealtaine, 9.30 a.m. – 11.40 a.m.**

**<u>TREORACHA</u>**

## GINEARÁLTA

* Tá deich nóiméad ceadaithe chun an páipéar seo a léamh, 9.30 – 9.40 a.m. *Ní ceadmhach clóscríobh a dhéanamh i rith na tréimhse sin.*

* Ní mór tabhairt faoi gach ceist.

* Clóscríobh do Scrúduimhir ar bharr gach bileoige de do chuid oibre. Clóscrióbh **'L'** i ndiaidh do Scrúduimhir má tá clóscríobhán neamh-leictreonach (láimhe) á úsáid agat.

* Tosaigh gach Roinn ar bhileog úr.

* Is ceadmhach aon chineál ceartúcháin a úsáid, scriosán, páipéar, leacht 7rl, ach amháin sa Triail Chruinnis (Ceist 1). Dealófar marcanna má fhágann ceartúcháin obair mhí-shlachtmhar ina ndiaidh.

* Ag deireadh an scrúdaithe bailigh do chuid oibre **in ord.**

* Scríobh do Scrúduimhir ar an gclúdach atá ann do d'obair chríochnaithe. Scríobh **'L'** i ndiaidh do Scrúduimhir má d'úsáid tú clóscríobhán láimhe (neamh-leictreonach).

* **Ná cuir** do Thriail Chruinnis i gclúdach ar Leith.

* Léigh go cúramach na treoracha sonracha do gach Ceist mar atá tugtha thíos.

---

**CEISTEANNA**

**1. Triail Chruinnis** (9.40 a.m. – 9.50 a.m.) (25)

**2. Litir Ghnó** (20)

2.1 Clóscríobh an litir seo san fhoirm cheart.

**3. Ráiteas Táblaithe** (25)

3.1 Clóscríobh agus rialaigh go néata **i ndúch**.

**4. Obair Thaispeántais** (15)

4.1 Clóscríobh agus taispeáin an fógra go héifeachtach.

**5. Dearadh** (15)

5.1 Dréachtaigh an Fhoirm Iarratais ar bhallraíocht de réir na dtreoracha a thugtar.

**(100 MARC)**

## CEIST 1 – TRIAIL CHRUINNIS (10 NÓIMÉAD)

- **Déan cóip charbóin de do chuid oibre.**
- **Bain úsáid as spásáil dhúbailte agus fág imill d'orlach amháin ar dhá thaobh an leathanaigh.**
- **Dealófar marcanna má dhéantar ceartúchán ar bith.**
- **Ní ghnóthófar marcanna breise má chlóbhuailtear an sliocht, nó cuid de, den dara huair.**
- **Tabhair an chóip chlóbhuailte agus an chóip charbóin de do chuid oibre don Fheitheoir ag deireadh na Trialach Cruinnis. Tabharfar iad sin ar ais duit ag deireadh an Scrúdaithe chun cur in ord leis an gcuid eile de do chuid cleachtaí.**

---

Tá an mhil ar cheann de na pléisiúir is milse sa dúlra. Ní hamháin go bhfuil blas deas uirthi ach déanann sí maitheas freisin, agus a bhuí lena tréithe nádúrtha leasaitheacha, níl gá aici le breiseáin ar bith chun saol fada seilfe a thabhairt di. Tá an mhil ar na comhábhair sin a mbíonn gnaoi uirthi i gcónaí, ach le déanaí tá tóir ar leith uirthi a bhuí leis na cócairí móra a mholann a cáilíochtaí. Féadfar í a úsáid sa suaithfhriochadh, i mbia cumaisc agus milseoga blasta, agus is breiseán do ghlónraí, do bhlastáin sailéid agus do mharanáidí í a bhfuil an-tóir uirthi. Nuair a úsáidtear ar mharanáidí í, cabhraíonn an mhil chun feoil a mhaothú, agus le linn di bheith á cócaráil cuireann sí blas beárbaiciú ar an mbia de réir mar a charamalaíonn sí.

Agus í in úsáid ar feadh breis agus 5000 bliain, tá de cháil ar an mil go bhfuil sí ar cheann de na leigheasanna is íne agus is nádúrtha atá ann mar gheall ar na hairíonna leighis agus cneasaithe atá aici. Agus de bhrí go bhfuil a oiread sin cáilíochtaí teiripeacha aici, tá ar a cumas cóir a chur ar raon leathan tinneas.

Nuair a osclaíonn tú próca meala, smaoinigh ar na coilíneachtaí beach a d'eitil thart ar 55,000 míle chun 1pt/450g di a tháirgeadh. Choinnigh na Sean-Ghréagaigh beacha le mil a tháirgeadh. Téann beacha meala ar thóir neachtair as bláthanna, bláthanna crann, plandaí agus barra goirt ón earrach go dtí go déanach sa samhradh. A luaithe a bhíonn an neachtar bailithe, iompraíonn siad go dtí an choirceog é.

**(25 MARC)**

**CEIST 2 – LITIR GHNÓ**

**Clóscríobh an litir seo a leanas chuig an Uasal Rebecca Ní Chinnéide, Bóthar na Trá Uachtair, Gaillimh.**

- **Bain úsáid as an tagairt MÓC/(do thúslitreacha féin)**
- **Bain úsáid as data an lae inniu**
- **Cuir seoladh ar chlúdach nó ar chruth clúdaigh**
- **Fág 5 cm ar a laghad ag barr an leathanaigh don cheann litreach**
- **Tá roinnt dearmad litrithe, poncaithe agus gramadaí sa litir seo nach mór a cheartú.**

---

An tUasal — SLOINNE

Go raibh maith agat as do litir den 28 aibreán inar iarr tú sonraí maidir le háitribh atá ar díol sa Spáinn. Tá cuid mhaith áitreabh d'ardchaighdeán á dtairiscint againn i roinnt ceantar ar phraghasanna ~~maithe~~ AN-réasúnta. Is féidir ár raon iomlán áitreabh a fheiceáil ag ár n-oifig ar an bhFaiche Mhór i ngaillimh. u/c

Aitribh Spáinneacha den Scoth

| SUÍOMH | CÓIRÍOCHT | ACHAR | PRAGHAS € |
|---|---|---|---|
| Ionad Sléibhe Pirin | Stiúideo | 26 m. cr. | 64,000 |
| Ionad Razlog | Árasán Aon Leaba | 53.6 m. cr. | 75,000 |
| Ionad Bansko | Árasán Dhá Leaba | 100 m. cr. | 120,000 |
| Padinghe | Árasán Aon Leaba | 60.3 m. cr. | 226,000 |
| Desenzso | Árasán 2 Leaba | 107 m. cr. | 348000 |
| Mazarran | Villa Dhá Leaba | 300 m. cr. | 500,000 |
| Marbella | Stiúideo | 36 m. cr. | 100,100 |
| Torremolinos | Villa Trí Leaba | 90 m. cr. | 150000 |

SÁID FOCAIL (Desenzso / Árasán 2 Leaba)

*Tá na háitribh thuas go léir ar an margadh go húr agus iad feistithe amach ar an gcaighdeán is airde agus áis ghlasála dhúbailte ag na hárasáin 2 sheomra codlata a ligeann rochtain dheighilte d'uinéirí ar gach seomra codlata ionas gur féidir iad a ligean ar cíos ar leith. SÁID FOCAIL

Mas mian leat cóiríocht ar bith díobh sin thuas a fheiceáil déan teagmháil liom ag www.overseas.ie NÓ AR 087 5213451

L.C. Le Dea-ghui.

Máirtín Ó Conchúir
Comhairleoir Áitreabh Thar Lear

**(20 MARC)**

## CEIST 3 – RÁITEAS TÁBLAITHE

**RÉITIGH AN RÁITEAS TÁBLAITHE SEO A LEANAS AR PHÁIPÉAR A4.**

**TAISPEÁIN GO hÉIFEACHTACH I STÍL BHLOIC NÓ I STÍL LÁRNAITHE É.**

---

CÓNAITHE SAOIRE BEARNA, BÓTHAR ARD, BEARNA, CO NA GAILLIMHE.

LIOSTA CÓNAITHE SOGHLUAISTE ATHCHAITE AR 30 AIBREÁN 2008

| BLIAIN | DÉANAMH/MÚNLA | ACHAR | LÍON SEOMRAÍ CODLATA | PRAGHAS € |
|---|---|---|---|---|
| 2007 | BEARNA | 38' X 12' | 3 | 35,000 |
| 2007 | SAOIRE SHONA | 37' X 12' | 2 | 30,000 |
| 2007 | SAOIRE E.S. | 35' X 12' | 3 | 28,200 |
| 2007 | ASPEN | 37' X 12' | 3 | 52,020 |
| 2007 | TÚS NUA | 40' X 13' | 2 | 61,200 |
| | | | | |
| 2006 | SAOIRE PLUS | 35' X 12' | 3 | 25,200 |
| 2006 | VOGUE | 38' X 13' | 3 | 35,200 |
| 2006 | SAOIRE E.S. | 36' X 12' | 3 | 27,500 |
| | | | | |
| 2005 | GRANADA | 35' X 10' | 2 | 15,000 |
| 2005 | ASPEN | 37' X 12' | 3 | 25,000 |
| 2005 | TÚS NUA | 35' X 12' | 2 | 22,500 |
| | | | | |
| 2004 | BEARNA | 38' X 12' | 3 | 15,000 |

**(25 MARC)**

**CEIST 4 – FÓGRA**

**CLÓSCRÍOBH AGUS TAISPEÁIN GO hÉIFEACHTACH AN FÓGRA SEO A LEANAS.**

---

TÉATAR NIAMHRACH TEO.

ANYTHING GOES!

LE

COLE PORTER

21 – 23 AIBREÁN 2008

HALLA ÉINDE

SRÁID GHEARR

7.30 pm. AR AN MBUILLE!

TICÉID €10

AR FÁIL AG AN DORAS

NÓ AG www.téatar.com

**(15 MARC)**

**CEIST 5 –FOIRM IARRATAIS A DHEARADH**

**Ó NA SONRAÍ SEO A LEANAS, DRÉACHTAIGH FOIRM IARRATAIS OIRIÚNACH LE hÚSÁID AG CUMANN RÍOGA LUAMHAIREACHTA MHÁLAINNE. BAIN ÚSÁID AS AN gCEANNTEIDEAL "CUMANN RÍOGA LUAMHAIREACHTA MHÁLAINNE", AGUS INA DHIAIDH SIN AR AN gCÉAD LÍNE NA FOCAIL "IARRATAIS AR BHALLRAÍOCHT". CUIR GACH MÍR IN ORD UIMHRIÚIL ACH NÁ CLÓSCRÍOBH NA hUIMHREACHA.**

---

UIMH. THEILEAFÓIN (BAILE) (4)

AINM (1)

CIS RÁSA, FAOI LÁTHAIR (MÁ TÁ CEANN) (10)

UIMHIR FÓN PÓCA (5)

SEOLADH R-PHOIST (6)

(7) DÁTA BREITHE

SEOLADH (2)

SLÍ BHEATHA (8)

AINM CHUMANN LUAMHAIREACHTA FAOI LÁTHAIR (MÁ TÁ CEANN AGAT) (9)

(3) SEOLADH GNÓ

Cis roimhe seo má bhí ceann agat (Luaigh ainm an chumainn agus an dáta) (11)

Má éiríonn le m'iarratas ar bhallraíocht, geallaim go gcuirfidh mé eolas ar rialacha agus ar fhodhlíthe an chumainn, agus ar rialacha agus ar bhéasaíocht na seoltóireachta, agus go gcomhlíonfaidh mé iad.

SÍNITHE AG

DÁTA

**(15 MARC)**

# Leathanach Bán

**Leathanach Bán**